2024/1311

8.5.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1311 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Bealtaine 2024

lena gcláraítear ainm i gclár na dtásc geografach um dheochanna biotáilleacha ('Trenčianska borovička "JUNIPERUS"/Trenčianska borovička "JUNIPERIERS" – TRENČÍN DISTILLERY')

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcóil eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2019/787, rinneadh an t-iarratas a chuir an tSlóvaic isteach ar chlárú an ainm 'Trenčianska borovička "JUNIPERUS"/Trenčianska borovička "JUNIPERIERS" – TRENČÍN DISTILLERY' a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) Ní bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra, i gcomhréir le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) 2019/787.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, an t-ainm 'Trenčianska borovička "JUNIPERUS"/Trenčianska borovička "JUNIPERIERS" – TRENČÍN DISTILLERY' a chlárú ina thásc geografach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an tásc geografach 'Trenčianska borovička "JUNIPERUS"/Trenčianska borovička "JUNIPERIERS" – TRENČÍN DISTILLERY' a iontráil sa chlár. I gcomhréir le hAirteagal 30(4) de Rialachán (AE) 2019/787, an chosaint dá dtagraítear in Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2019/787, deonaítear leis an Rialachán seo í don tásc geografach 'Trenčianska borovička "JUNIPERUS"/Trenčianska borovička "JUNIPERIERS" – TRENČÍN DISTILLERY'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/787/oj
([2]) IO C, C/2023/1632, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1632/oj.